Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Iúil 2019**
**(OR. en)**

**11227/19**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0152(COD)**

**RECH 405**
**COMPET 581**
**EDUC 350**
**CODEC 1298**
**IA 175**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Iúil 2019 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2019) 331 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (athmhúnlú) agus Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Oibre Straiteiseach um Nualaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) 2021-2027: Borradh a chur faoi Thallann Nuálaíochta agus faoi Chumas Nuálaíochta na hEorpa |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2019) 331 final.

Faoi iamh: SWD(2019) 331 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 11.7.2019
SWD(2019) 331 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (athmhúnlú)**

**agus**

**Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Oibre Straiteiseach um Nualaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) 2021-2027: Borradh a chur faoi Thallann Nuálaíochta agus faoi Chumas Nuálaíochta na hEorpa**

{COM(2019) 330 final} - {COM(2019) 331 final} - {SEC(2019) 275 final} - {SWD(2019) 330 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair i gcomhair an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht (athmhúnlú) agus i gcomhair an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht 2021-2027: Borradh a chur faoi Thallann Nuálaíochta agus faoi Chumas Nuálaíochta na hEorpa |

## A. An gá atá le beart

### Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Is é an cuspóir atá ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht (EIT) dul i ngleic le mórdhúshláin shochaíocha trí chumas agus fheidhmíocht nuálaíochta an Aontais Eorpaigh a fheabhsú trí bhíthin chomhtháthú thriantán eolais an oideachas, an taighde agus na nuálaíochta.

Bunaíodh EIT in 2008 le Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 ("an Rialachán maidir le EIT")[1]. Leagtar síos sa Rialachán maidir le EIT an misean, na cuspóirí agus an buiséad a leithdháiltear ar EIT, agus ní mór dó, dá bhrí sin, a bheith ag teacht leis an gClár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht is infheidhme.

Sa togra ón gCoimisiún le haghaidh an clár Fís Eorpach a bhunú, an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht i gcomhair na tréimhse 2021-2027, leagtar amach an buiséad atá beartaithe do EIT le haghaidh na chéad tréimhse eile mar aon leis an réasúnaíocht a ghabhann leis, a bhreisluach, na réimsí idirghabhála lena mbaineann sé, príomhairíonna na gníomhaíochta atá i gceist leis agus na táscairí feidhmíochta. Sa togra, tá EIT ar cheann de phríomhchodanna an cholúin "Eoraip Nuálaíoch".

Ní chuireann an clár Fís Eorpach ar fáil, as féin, an bunús dlí chun leanúint d'oibríochtaí EIT amhail ó 2020. Dá bhrí sin, ní mór an Rialachán maidir le EIT a leasú.

Thairis sin, cuireann Airteagal 17 den Rialachán maidir le EIT de cheangal ar an gCoimisiún togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach seacht mbliana, togra le haghaidh Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht ina leagtar síos na tosaíochtaí straitéiseacha fadtéarmacha agus na riachtanais airgeadais straitéiseacha fhadtéarmacha le haghaidh EIT, togra is ceart a bheith de réir an Chláir Réime um Thaighde agus Nuálaíocht is infheidhme. Cumhdaíonn an Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht atá ann faoi láthair an tréimhse 2014-2020[2]. Ní mór, dá bhrí sin, Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht nua le haghaidh EIT i gcomhair 2021-2027 a chur faoi bhráid i dteannta an togra le haghaidh athbhreithniú an Rialacháin maidir le EIT.

An tionscnamh seo atá idir lámha faoi láthair, tá sé d'aidhm leis an Rialachán maidir le EIT a leasú trí é a athmhúnlú agus an Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht a ailíniú leis an gclár Fís Eorpach. Cuimsítear ann réimsí tosaíochta nua EIT mar aon lena riachtanais airgeadais. Tá sé d'aidhm leis freisin feabhas a chur ar fheidhmiú EIT agus le linn sin a dhéanamh na ceachtanna a foghlaimíodh sna blianta a d'imigh a thabhairt san áireamh.

Go háirithe, dírítear sa tionscnamh ar dhul i ngleic le saincheisteanna i dtrí phríomhréimse: Ar an gcéad dul síos, tabharfar faoi na dúshláin a bhaineann le samhail chistiúcháin EIT, agus ar an dara dul síos, molfar réitigh d'fhonn méadú a dhéanamh ar thionchar ghníomhaíochtaí oideachais EIT, i.e. cur leis an

1 RIALACHÁN (AE) 1292/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 11 Nollaig 2013; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:02008R0294-20140101&qid=1562587930475&from=GA.

2 Cinneadh Uimh. 1312/2013/AE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht (EIT): cuidiú EIT chun an Eoraip a dhéanamh níos nuálaíche.

bhfeasacht faoi bhranda oideachais EIT agus tacú le cumais agus scileanna fiontraíochta agus nuálaíochta in institiúidí ardoideachais. Agus de bhreis air sin, cuideoidh an tionscnamh méadú a dhéanamh ar fhor-rochtain réigiúnach EIT trí PENanna a chomhtháthú níos fearr sna héiceachórais nuálaíochta áitiúla. Leagfar amach sa tionscnamh freisin réimsí tosaíochta na todhchaí le haghaidh PENanna.

Thairis sin, tabharfar aghaidh tríd an tionscnamh ar líon áirithe saincheisteanna teicniúla chun cur le héifeachtacht, éifeachtúlacht agus le comhleanúnachas oibríochtaí EIT. Orthu sin, tá oscailteacht agus trédhearcacht na PENanna, rialachas EIT agus forálacha conarthacha fhoireann EIT.
Na saincheisteanna a sainaithníodh, tabharfar aghaidh orthu trí leasú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le EIT agus trí Chlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht le haghaidh EIT a ghlacadh i gcomhair 2021-2027. An Measúnú Tionchair a rinneadh le haghaidh an togra atá idir lámha, cuireann sé leis an Measúnú Tionchair a rinneadh le haghaidh an chláir Fís Eorpach.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Tríd an tionscnamh seo, tacaítear le cur chun feidhme EIT amach anseo agus le forbairt a bheartais straitéisigh amach anseo, agus cuideoidh an tionscnamh cuspóirí EIT sa tréimhse 2021-2027 a ghnóthú, na cuspóirí sin a leagtar amach sa togra le haghaidh an chláir Fís Eorpach, i.e. na héiceachórais nuálaíochta inbhuanaitheacha a neartú ar fud na hEorpa; réitigh nua a chur ar an margadh, agus iad dírithe ar dhúshláin shochaíocha dhomhanda, agus an nuálaíocht agus an fhiontraíocht a chothú trí bhíthin oideachas níos fearr. Go sonrach, táthar ag dréim go dtiocfaidh de bharr EIT agus PENanna

a. Méadú ar thionchar na PENanna agus chomhtháthú an triantáin eolais trí shamhail cistiúcháin éifeachtach éifeachtúil EIT;
b. Méadú ar chumas nuálaíochta agus fiontraíochta na hearnála ardoideachais trí athrú institiúideach a chur chun cinn in institiúidí ardoideachais na hEorpa;
c. Méadú ar fhor-rochtain réigiúnach EIT chun aghaidh a thabhairt ar mhíréireachtaí réigiúnacha ar fud an Aontais maidir le cumas nuálaíochta.

De bhreis air sin, tá sé d'aidhm leis an tionscnamh cur le héifeachtacht, éifeachtúlacht agus le comhleanúnachas oibríochtaí EIT trí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas: oscailteacht agus trédhearcacht na PENanna, rialachas EIT agus conarthaí fhoireann EIT, agus a leanúnachas seirbhíse.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Tá dóigh ar leith ag EIT chun éiceachórais nuálaíochta a fhorbairt ar fud an Aontais Eorpaigh i réimsí an oideachais, an taighde, an ghnó agus i réimsí geallsealbhóirí eile. Líontar bearna le EIT, bearna sa chóras tacaíochta don nuálaíocht a chuireann na Ballstáit ar fáil. Tagann méadú ar cháilíocht na nuálaíochta de bharr gníomhaíochtaí EIT, agus cruthaítear gréasáin tras-teorann ildisciplíneacha, chomh maith le breis comhar trasearnála agus for-rochtain gheografach níos fairsinge. Tugann cláir oideachais EIT breis luacha do chláir atá ann cheana, go háirithe as siocair a ngné fiontraíochta agus nuálaíochta.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Rinneadh trí rogha a bhreithniú i dtaca le tabhairt faoi na dúshláin a sainaithníodh:

Is é rud a bheadh i gceist le Rogha 1 (an bhonnlíne) leanúint le gníomhaíochtaí EIT mar atá faoi láthair, agus na coigeartuithe a dhéanamh ba ghá chun é a ailíniú leis an togra le haghaidh an chláir Fís Eorpach. Chomhlíonfadh EIT na critéir cur chun feidhme, faireacháin agus meastóireachta le haghaidh

Comhpháirtíochtaí Eorpacha. Dhéanfadh sé forbairt ar shineirgí leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach. Dhá PEN nua a bheadh ann.

Bunaítear Rogha 2 ar an mbonnlíne, agus thairis sin ghlacfaí (leis an Rogha seo) líon áirithe beart chun feabhas a chur ar éifeachtacht EIT i dtaca lena fheidhmíocht, agus áirítear ar na bearta sin an tsamhail chistiúcháin a athoiriúnú. De réir na rogha seo, thabharfaí isteach gníomhaíocht nua EIT chun tacú le forbairt cumais fiontraíochta agus nuálaíochta sna hinstitiúidí ardoideachais agus chun a Scéim Nuálaíochta Réigiúnach a neartú. Dhá PEN nua a bheadh ann.

Bunaítear Rogha 3 ar an mbonnlíne agus ar líon áirithe beart chun feabhas a chur ar éifeachtacht EIT mar atá i gceist faoi Rogha 2. Thairis sin, thabharfaí isteach, faoi Rogha 3, gníomhaíocht nua lena gcuirfí Mol EIT ar bun i ngach Ballstát chun tionchar foriomlán EIT a mhéadú. Is é EIT a chuirfeadh na Moil EIT chun feidhme, go díreach, agus é sin d'fhonn cothú a thabhairt do chomhtháthú an triantáin eolais trí thionscadail comhoibre a bheadh ar scala níos lú ná na PENanna.

PEN nua amháin a bheadh ann.
Ghabhfadh impleachtaí reachtacha leis na trí Rogha i dtaca le leasú an Rialacháin maidir le EIT agus i dtaca le leasú Chlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht nua EIT.

Is í Rogha 2 an rogha thosaíochta, ós í is fearr a thugann cothromaíocht i dtaca le cuspóirí an tionscnaimh a ghnóthú agus, in éineacht leis sin, na hacmhainní atá ar fáil a thabhairt san áireamh agus an tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch is mó is féidir a imirt.

**Na geallsealbhóirí éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Na bearta aonair a bheartaítear a dhéanamh faoi Rogha 2, bhí tacaíocht láidir dóibh i measc na ngeallsealbhóirí a ndeachthas i gcomhairliúchán leo, i.e. eagraíochtaí/cuideachtaí gnó, institiúidí acadúla/taighde maille le saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, tá na geallsealbhóirí go láidir d'aon tuairim gur gá an fhorbairt ar chumas fiontraíochta agus nuálaíochta in institiúidí ardoideachais na hEorpa a chur chun cinn agus gur gá gníomhaíochtaí EIT agus PENanna a nascadh níos dlúithe leis an timpeallacht réigiúnach agus leis an timpeallacht áitiúil agus leis na straitéisí réigiúnacha agus áitiúla.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Beidh de thoradh ar an rogha thosaíochta go ndéanfar feabhsuithe móra ar EIT sa chéad chlárthréimhse eile. Bheadh an comhtháthú a dhéanfaí ar an triantán eolais níos doimhne dá barr, chuideodh sí le neartú na n-éiceachóras nuálaíochta agus mhéadódh sí cumas nuálaíochta agus fiontraíochta na hearnála ardoideachais. Chuideodh sí le cúngú na bearna scileanna in earnálacha príomhthábhachtacha an gheilleagair; chuirfeadh sí dlús leis an roinnt eolais agus leis an líonrú sna héiceachórais nuálaíochta; chuirfeadh sí gnólachtaí nua á gcruthú ar dhóigh éifeachtach éifeachtúil; mhéadódh sí cáilíocht an ardoideachais san fhiontraíocht. Leis an rogha thosaíochta, mhéadófaí freisin leibhéal na hinfheistíochta príobháidí in PENanna, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, agus thacófaí ar dhóigh níos éifeachtaí leo ionas gurbh fhearr a ghnóthóidís cuspóirí EIT maidir le hinbhuanaitheacht airgeadais. Agus, chuirfí ar chumas EIT méadú agus feabhas a chur de réir a chéile ar an bhfor-rochtain réigiúnach atá aige ar thíortha a bhfuil a bhfeidhmíocht nuálaíochta ar leibhéal measartha nó gearrmheasartha.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

I gcomparáid leis an gcás bonnlíne, chiallódh Rogha 2 go méadódh costais riaracháin EIT ar dhóigh a

bheadh i gcomhréir leis an méadú foriomlán ar bhuiséad EIT ar feadh na clárthréimhse, agus tharlódh an méadú sin as siocair na riachtanas foirne agus de bharr an chostais a bhainfeadh le cumas níos láidre agus saineolais breise a chur ar fáil in EIT. Na costais a bhaineann le comhlíonadh agus le cur chun feidhme, a thiocfaidh as athoiriúnú na samhla cistiúcháin, meastar go mbeidh siad níos airde i gcás PENanna a cuireadh ar bun i gcéadbhlianta EIT, óir beidh ar na PENanna sin coigeartú a dhéanamh ar na próisis agus ar na córais oibríochta atá in úsáid acu cheana. Os a choinne sin, i dtaca le PENanna atá ag tosú amach i mbun oibríochta, meastar go mbeidh na costais a bheith orthu sin measartha íseal.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Cuideoidh an rogha thosaíochta, Rogha 2, líon mór de dhaoine ardoilte a chur ar fáil, rud a dhéanfaidh tairbhe do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair. Spreagfar gníomhaíochtaí a bheidh dírithe ar ghnó nua a bhunú agus déanfar é sin trí bhíthin breis oscailteachta agus trédhearcachta agus trí bhíthin nósanna imeachta simplithe san PENanna, rud a dtiocfaidh méadú dá bharr ar líon na ngnólachtaí nuathionscanta.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Ní imreofar.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Ní bheidh.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Déanfar faireachán agus meastóireacht go tráthrialta ar chur chun feidhme bheartas sin na rogha tosaíochta. Déanfaidh EIT faireachán leanúnach, ar bhonn bliantúil, ar fheidhmíocht oibríochtúil agus ar aschur na PENanna, agus bunóidh sé an faireachán sin ar shainchreat táscairí tionchair. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht mheántéarma neamhspleách in 2024, ar thionchair eacnamaíocha agus shochaíocha EIT, agus ailíneofar an mheastóireacht sin leis an meastóireacht mheántéarma a dhéanfar ar an gclár Fís Eorpach.